Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026**
**(OR. en, de)**

**9700/26**
**ADD 1 REV 1**

**MAR 80**
**TRANS 345**
**IND 367**
**POLMAR 47**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le Straitéis Mhuirí Thionsclaíoch an Aontais – Formheas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas comhpháirteach ón Ostair agus ón nGearmáin atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón Ostair agus ón nGearmáin le haghaidh na miontuairiscí**

***Loingseoireacht i gcomhthéacs straitéis mhuirí thionsclaíoch an Aontais***

Ba chóir a thabhairt faoi deara ag an tús, ar an leibhéal Eorpach, gurb é Euratom atá freagrach go heisiach as saincheisteanna rialála agus teicniúla a bhaineann le teicneolaíochtaí núicléacha agus ceanglais sábháilteachta núicléiche.

Éilíonn aon chur i bhfeidhm teicneolaíochtaí núicléacha go gcinnteofar na caighdeáin is airde ó thaobh sábháilteacht, slándáil agus coimircí núicléacha de. Agus an méid sin á dhéanamh, ní mór tús áite a thabhairt don tsábháilteacht núicléach i gcomhréir le caighdeáin sábháilteachta IAEA agus creat Euratom, agus inniúlachtaí náisiúnta maidir le teicneolaíochtaí núicléacha a rialáil sa chomhthéacs seo á n-urramú ag an am céanna. Caithfidh feidhm a bheith aige seo freisin maidir le loingseoireacht mhuirí agus córais tiomána malartacha a úsáideann fuinneamh núicléach.

Dá bhrí sin, bheadh tagairt cháilithe do na ceanglais agus na caighdeáin chomhfhreagracha i ndáil le teicneolaíochtaí núicléacha riachtanach sna conclúidí freisin.

Gan dochar do na forchoimeádais atá ann cheana, tacaítear leis na conclúidí de mheon teacht ar chomhréiteach foriomlán.